EUROPEAN UNION AGENCY FOR FUNDAMENTAL RIGHTS

# Príomhthreochtaí dlíthiúla i gcosaint na gceart LGBT san Aontas Eorpach 2008-2010

Cuireann Airteagal 21 a thagann faoin gCaibidil 'Chomhionannais' de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh cosc ar idirdhealú ar fhorais um chlaonadh gnéasach.

## Cúlra

I 2007, d'iarr Parlaimint na hEorpa ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) taighde a dhéanamh ar idirdhealú in aghaidh an lucht leispiach, aerach, déghnéasach agus trasinscneach (LGBT). I 2008, d'fhoilsigh an FRA a céad anailís dlí chomparáideach ar homafóibe, trasfóibe agus idirdhealú bunaithe ar chlaonadh gnéasach agus féiniúlacht inscne san Aontas Eorpach. Leagann an bhileog eolais seo amach na príomh-threochtaí dlíthiúla atá mar thoradh ar anailís dlí nuashonraithe a rinne an FRA i 2010.

Foilsíodh tuarascáil ar staid sóisialta an lucht LGBT san Aontas Eorpach i 2009 agus tuartar tuilleadh taighde sóisialta do 2011 agus 2012.

## Príomhthreochtaí

Tá na príomhthreochtaí dlíthiúla ón tréimhse 2008-2010 léirithe sa dá ghraf lastall: Déanann Figiúr 1 idirdhealú idir threochtaí dearfacha agus diúltacha i ndáil le príomh-shaincheisteanna, fad is a léiríonn Figiúr 2 an creat dlíthiúil do chosaint na gceart LGBT i mBallstáit an AE. Níl bearta reachtaíochta nua glactha de láimh ag mórán Ballstát an AE ó 2008, áfach.

Tabhair faoi deara: Ní thagraíonn an forbhreathnú seo do chúinsí áit nár breathnaíodh aon fhorbairt nó caingean dlí. Dá bhrí sin, níor chóir glacadh leis ach amháin mar shonraíocht de threochtaí a thagraíonn d'athruithe arna bhreithniú iarbhír sa tréimhse úd.

### Treocht 1: Líon is airde tionscnamh dearfach sa réimse um chaitheamh go cothrom i ndáil le saorghluaiseacht agus dlí athaontaithe teaghlaigh

Tá an tsainmhíniú ar 'bhall teaghlaigh' i reachtaíocht a thrasuíonn dlí an AE maidir le saorghluaiseacht nó athaontú teaghlaigh leathnaithe nó táthar ag súil go leathnófar í i seacht mBallstát an AE – an Ostair, an Fhrainc, an Ungáir, Éire, Lucsamburg, an Phortaingéil, agus an Spáinn.

Mar sin féin, tá treocht diúltach tagtha chun cinn i dtrí Bhallstát an AE – an Bhulgáir, an Eastóin agus an Rómáin – ina mbreithnítear go sainráite go bhfuil postaí agus comhpháirtíochtaí comhghnéis a gconraítear thar lear neamhbhailí, rud a dhéanann níos deacra é do chéilí agus páirtithe comhgnéis athaontú. Leagann na treochtaí seo béim ar na cur chuigí contrártha atá i láthair i ndáil le saorghluaiseacht agus athaontú teaghlaigh de chuid lánúineacha comhghnéis.

### Treocht 2: Líon suntasach tionscnamh dearfach i ndlí tearmainn

Tá treocht dearfach tagtha chun cinn i ndáil leis an lucht leispiach, aerach agus déghnéasach (LGB) a aithint mar 'ghrúpa sóisialta áirithe': Le sé Bhallstát breise de chuid an AE – an Fhionlainn, an Laitvia, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil agus an Spáinn – is ionann líon iomlán Ballstát an AE a thugann cosaint go sainráite d'íobartaigh LGB na géarleanúna agus 23.

Nochtann an nuashonrú dlíthiúil cleachtas diúltach sa réimse seo freisin, is é sin úsáid na 'tástála fallaiméadraí' i bPoblacht na Seice mar mhodh chun creidiúnacht duine a deir gur fear aerach é a mheas.

### Treocht 3: Meascán d'fhorbairtí dearfacha agus diúltacha ar shaoirse tionóil

Cé go bhfuil dul chun cinn tógtha faoi deara sa Bhulgáir, sa Pholainn agus sa Rómáin, leantar ag cur dúshlán faoin gceart chun imeachtaí mórtais a eagrú sa Laitvia agus sa Liotuáin.

### Treocht 4: Leathnú measartha ar chosaint dleathach in aghaidh claonta gnéasaigh agus féiniúlachta inscne

Tá roinnt forbairtí dearfacha sainaitheanta sa réimse seo, ar féidir a shonrú mar seo a leanas. Tá forbairtí déanta maidir le reachtaíocht neamh-idirdhealaithe ag clúdach claonadh gnéasach a fhairsingiú níos faide ná fostaíocht i bPoblacht na Seice agus sa Ríocht Aontaithe. Maidir le féiniúlacht inscne a shainaithint mar fhoras féinriartha nó mar idirdhealú ‚gnéasach', breathnaíodh athruithe dearfacha i bPoblacht na Seice, sa tSualainn agus sa Ríocht Aontaithe.

Ar deireadh, tá a gcuid sainordaithe leathnaithe ag comhlachtaí comhionainn in dá Bhallstát – an Danmhairg agus an Eastóin - chun idirdhealú in aghaidh claonta gnéasaigh a chlúdach.

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)
Schwarzenbergplatz 11 ▪ 1040 Vín ▪ An Ostair ▪ Teil +43 1 580 30 60 ▪ Facs +43 1 580 30 699
fra.europa.eu ▪ info@fra.europa.eu ▪ facebook.com/fundamentalrights ▪ twitter.com/EURightsAgency


### Treocht 5: Íosmhéadú ar chosaint in aghaidh drochíde agus foréigin (fuathchaint agus fuathchoir)

I láthair na huaire, níl aon ionstraim AE ann chun dul i ngleic le tuairimí agus coireanna a bhíonn inspreagtha ag laofacht LGBT. Cé go bhfuil dul chun cinn thar a bheith mall agus neamhchothrom sa réimse seo ag leibhéal náisiúnta, tá tionscnaimh dearfacha tagtha chun cinn san Ghréig, sa Liotuáin, sa tSlóivéin agus sa Ríocht Aontaithe.

### Treocht 6: Dul ar gcúl i ndáil le saoirse tuairimíochta


Is cosúil go bhfuil an Liotuáin ar leithlis maidir lena cosc ar scaipeadh ábhar a d'fhéadfaí a mheas mar homaighnéasacht a 'chur chun cinn'. I gcodarsnacht leis sin, tá sé beartaithe ag roinnt Ballstát an AE – an Eastóin, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Íoslainn (sic) an Ísiltír, an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe – inghlacthacht phoiblí an lucht LGBT a chur chun cinn go gníomhach.

## Figiúr 1: Réimsí a raibh an tionchar is mó ag forbairtí dlí orthu, 2008 – 2010




Léiríonn Figiúr 1 gurb ionann an réimse is mó a raibh tionchar ag athruithe dlíthiúla dearfacha agus diúltacha orthu agus caitheamh go cothrom i leith páirtithe comhghnéis i saorghluaiseacht agus athaontú teaghlaigh. Baineann na réimsí eile is mó a raibh tionchar ag athruithe dlíthiúla dearfacha orthu le tearmann agus saoirse tionóil freisin, ag a bhfuil tréithe diúltacha freisin, agus le soiléiriú ar chosaint do lucht trasinscneach faoi dhlí neamh-idirdhealaithe. Tá treochtaí dearfacha sainaitheanta i bhfairsingiú an dlí neamh-idirdhealaithe níos faide ná fostaíocht, sainordú de chuid na gcomhlachtaí comhionannais agus an dlí coiriúil. Bhain forbairt diúltach amháin le saoirse tuairimíochta.

## Figiúr 2: Cearta LGBT i mBallstáit an AE: staid dlí i bpríomhréimsí, 2010




Léiríonn Figiúr 2 an tírdhreach measctha agus neamhchothrom a bhaineann le cosaint na gceart LGBT, atá le fáil sna príomhréimsí a ndearnadh breithniú orthu agus ar fud an AE. Léiríonn sé freisin, in ord laghdaithe, cad é an réimse is mó ina bhfuil cearta LGBT cosanta i mBallstáit an AE (gan fostaíocht a áireamh, áit a ndéanann Ballstáit uile an AE soláthar do chosaint dhleathach de bharr Treoir na Comhairle 2000/78/CE).

### Tuilleadh faisnéise:

Tá anailís dlí chomparáideach an FRA *Homafóibe, trasfóibe agus idirdhealú ar fhorais um chlaonadh gnéasach agus féiniúlacht inscne – Nuashonrú 2010 [Homophobia, transphobia and discrimination on grounds of sexual orientation and gender identity – 2010 Update]* ar líne ag: **fra.europa.eu/fraWebsite/research/publications/publications_en.htm**

Tá forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí FRA i réimse um chearta LGBT ar fáil ar laithreán gréasáin an FRA ag: **fra.europa.eu/fraWebsite/lgbt-rights/lgbt-rights_en.htm**

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, 2011